

Ráiteas Straitéise - Tuarascáil ar Dhul chun cinn 2016

Clár Ábhar

	Leathanach
Brollach	3
Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir	5
Dul chun cinn ar chuspóirí arna aithint sa Ráiteas Straitéise 2015 - 2017	7
Aguisíní:	
Aguisín 1 - Bearta chun Ídiú Fuinnimh a Laghdú	24
Aguisín 2 - Cairt Eagraíochta	25
Aguisín 3 - Monatóir Tráthúlachta	27
Aguisín 4 - Nochtadh Cleachtais Íocaíochta	35

Brollach ón Aire



Cúis áthais dom gur ceapadh mé níos luaithe i mbliana mar Phríomh-Aoire Rialtais, mar Aire Stáit le freagracht as an nGaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin, agus mar Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh le freagracht as an bPríomh-Oifig Staidrimh (an Oifig). Bíonn obair na hOifige ríthábhachtach maidir le tacú le cinnteoireacht agus le ceapadh beartas in Éirinn. Chomh maith leis sin, bíonn staidreamh ar ardchaighdeán riachtanach maidir le bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht agus maidir le feidhmiú an gheilleagair agus na sochaí araon. Fáiltím roimh an dara tuarascáil seo ar Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2015-2017. Is é aidhm na straitéise sin bunathrú a bhaint amach agus freastal ar riachtanais athraitheacha an chustaiméara. Tá áthas orm a fheiceáil go mbíonn na príomhnithe insoláthartha á mbaint amach agus go mbíonn dul chun cinn á dhéanamh ag an Oifig ar an gclár uailmhianach atá leagtha amach sa straitéis a chomhlíonadh.

Baineann ríthábhacht le hobair na hOifige maidir le bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht agus maidir le tacú le cinnteoireacht in Éirinn. Bíonn staidreamh ar ardchaighdeán riachtanach maidir le feidhmiú an gheilleagair agus na sochaí. Bíonn tábhacht ar leith ag baint leis sin i réimse an bheartais, idir cheapadh beartas agus chur chun feidhme beartas. Dea-shampla de sin is ea an dóigh ar bhailigh an Oifig sonraí do Dhaonáireamh 2016. Is é an Daonáireamh an oibríocht staidrimh is mó a dtugann an Oifig fúithi. Eiseofar na torthaí ón Daonáireamh ar bhonn céimnithe le linn na bliana 2017 agus bainfidh an rialtas náisiúnta agus an rialtas áitiúil araon leas iomlán astu chun bonn eolais a chur faoin mbeartas i raon leathan réimsí. Beidh siad ina n-acmhainn luachmhar don lucht gnó agus do gach saoránach freisin.

Cúis áthais dom freisin ba ea go ndearna an Oifig an raon aschur a táirgeadh i roinnt réimsí éagsúla a mhéadú arís eile sa bhliain 2016. Áiríodh leo sin staidreamh orthu seo a leanas: Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn; Fóirdheontais Chomhshaoil; Cuairteoirí ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann; Líonta Tí agus Teaghlaigh; Forálacha Pinsin; An Choiriúlacht agus an Íospairt; agus Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí. D'éirigh leis an Oifig uair amháin eile freastal ar an éileamh méadaitheach ar staidreamh atá le brath ar leibhéal náisiúnta, Eorpach agus domhanda.

D'eisigh an Oifig na torthaí ón gcéad suirbhé riamh ar rannpháirtíocht fostaithe ar fud na Státseirbhíse ar fad sa bhliain 2016. Ba de bhun gnímh atá i sa Phlean Athnuachana don Státseirbhís a thug an Oifig faoin suirbhé sin. Tugadh i dtorthaí an tsuirbhé faisnéis luachmhar do cheannairí laistigh den Státseirbhís, rud a chumasaigh dóibh athrú a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís fhónta sonraí. Tá na torthaí sin á n-úsáid ag an mBord um Bhainistiú na Státseirbhíse chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís a chomhlíonadh. Tá siad á n-úsáid ag Ranna Rialtais freisin chun rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú.

Tá muinín agam go leanfaidh lucht bainistíochta agus foireann na hOifige ag sárú na ndúshlán a ghabhann leis an bhfás ollmhór ar mhéid agus ar chineál na sonraí a bhíonn á n-éileamh, leis an ról comhordúcháin atá ag an Oifig – ar ról é a bhíonn á leathnú i gcónaí – agus leis an éileamh méadaitheach ar staidreamh ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal domhanda. Tá muinín agam freisin go ndéanfaidh siad amhlaidh ar an mbealach gairmiúil is dual dóibh agus go leanfaidh siad ag cur seirbhís den scoth ar fáil dá gcuid custaiméirí agus freagróirí.

Joe McHugh, T.D.

Aire Stáit

Meán Fomhair 2017

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

Fáilte go dtí an dara tuarascáil ar dhul chun cinn ar an Ráiteas Straitéise 2015-2017. Is é seo an tuarascáil deiridh ar an Ráiteas Straitéise sin toisc gur ceanglaíodh ar an Oifig, de bhun ceapadh Rialtais nua, straitéis nua a fhoilsiú faoi théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2016 ar na nithe insoláthartha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2015-2017. Tá an straitéis sin agus an straitéis nua don tréimhse 2016-2019 a foilsíodh i mí na Nollag 2016 ar chomhréim go hiomlán le CSO 2020, an straitéis seacht mbliana uainn ina ndírítear ar fheabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do chustaiméirí agus ar an Oifig a chumasú freastal ar na héilimh mhéadaitheacha ar shonraí agus ar riachtanais staidrimh oifigiúil amach anseo.



Feidhm lárnach de chuid na heagraíochta i gcónaí is ea ár gclár oibre staidrimh a chomhlíonadh. D'fhoilsiomar 327 gcinn d'eisiúintí agus d'fhoilseacháin le linn na bliana 2016. Bhí raon táirgí nua staidrimh ina measc sin, lena áiríodh Sócmhainní agus Dlíteanais na hEarnála Airgeadais 2014; Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh Neamhchónaithe; agus Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí. Leanann an eagraíocht ar aghaidh le béim mhór a leagan ar an aistriú i dtreo foinsí sonraí atá ann cheana a úsáid, go háirithe sonraí atá á sealbhú sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne, chun an t-ualach freagartha a laghdú agus chun raon níos leithne fianaise a chur ar fáil chun tacú le cinnteoireacht níos fearr agus níos eolaí.

Sa chomhthéacs sin, thosaigh an Oifig ag ullmhú don ról leathnaithe a bheidh againn maidir leis an staidreamh oifigiúil ar fad arna tháirgeadh in Éirinn a chomhordú, a mhaoirsiú agus a dhearbhu ó thaobh cáilíochta de. Bunaíodh stiúrthóireacht nua ina leith sin. Ceapadh Ard-Stiúrthóir Cúnta freisin ar a bhfuil freagracht as comhordú a dhéanamh ar tháirgeoirí staidrimh Eorpaigh agus ar Staidreamh Oifigiúil ó Chóras Staidrimh na hÉireann go ginearálta.

Thionóil an Oifig Grúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch i mí Mheán Fómhair 2016, rud a tháinig sna sála ar fhoilsiú na bhfigiúirí cuntais náisiúnta i mí Iúil den bhliain. Léiríodh sna figiúirí sin rátaí fais 26% agus 19% d'olltáirgeacht intíre agus d'olltáirgeacht náisiúnta faoi seach don bhliain 2015. Thug an Grúpa tuairisc ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2016 agus cuimsíonn a chuid moltaí sraith anailís a bhfuil sé mar aidhm leo tuiscint níos fearr a thabhairt ar na gnéithe intíre dár ngeilleagar ard-domhandaithe. Cuirfear na moltaí sin chun feidhme sa tréimhse 2017 – 2019.

Gné thábhachtach d'obair na hOifige sa bhliain 2016 ba ea feabhsuithe a chur ar rialachas corparáideach agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar struchtúir eagrúcháin. Bunaíodh Rannóg um Bhainistíocht, Thacaíocht agus Dhearbhú Cáilíochta ag tús na bliana 2016, agus í freagrach as Creatchóras um Bhainistíocht Cáilíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cinntear leis an gCreatchóras sin go leanfaidh an Oifig ar aghaidh leis na caighdeáin is airde ó thaobh cáilíochta agus éifeachtúlachta de a chur i bhfeidhm agus staidreamh á tháirgeadh aici, ag gníomhú di i gcomhthéacs grinnscrúdú méadaitheach níos foirmiúla ar staidreamh oifigiúil ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Tá áthas orm a rá gur bunaíodh Oifig Sonraí sa bhliain 2016 freisin. Is ag an Oifig Sonraí atá an ról tábhachtach maidir le bainistiú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le cosaint sonraí agus le rúndacht staidrimh, maidir le feasacht a chur chun cinn, maidir le hoiliúint a sholáthar agus maidir le comhlíonadh a dhearbhu. Soláthraíonn an Oifig Sonraí comhairle don Phríomh-Oifig Staidrimh freisin maidir le gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí agus le rúndacht staidrimh. Gné thábhachtach eile d'obair na hOifige Sonraí le linn na bliana 2016 ba ea ullmhú do chur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta nua maidir le Cosaint Sonraí i mí na Bealtaine 2018.

Foilsíodh an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag www.cso.ie/en/baile/ i mí an Mhárta 2016. Tugtar achoimre chuimsitheach ann ar na príomhghnéithe de rialachas corparáideach laistigh den Oifig agus tá sé ag teacht le caighdeáin arna leagan síos ar bhonn lárnach. Ba i mí an Mhárta freisin a foilsíodh an chéad Chlár Oibre Staidrimh riamh, rud inar leagadh amach an t-aschur staidrimh ar fad a bheadh le táirgeadh sa bhliain 2016.

Cé go bhfuil an Oifig ag tiomsú sonraí agus staidrimh óna bunú, aithnímid gur gá athrú suntasach a dhéanamh ar an ról atá aici i dtimpeallacht "iarfhírinn" má tá sí chun a bheith ina heagraíocht a chuireann faisnéis, eolas agus léargas ar fáil freisin. Maidir leis sin, bíonn ár sonraí staidrimh á ndéanamh níos sothuigte agus bíonn úsáid mhéadaithe á baint as grafaicí faisnéise agus as príomhtheachtaireachtaí anois. D'earcaíomar gairmí cumarsáide ó áit lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2016, agus é de dhualgas air tosú ar an tseirbhís a sholáthraímid a leathnú. Direofar go sonrach ar an obair sin sna blianta atá romhainn.

Tá an Oifig ag cur na struchtúr i bhfeidhm faoi láthair chun raon níos leithne faisnéise d'ardchaighdeán a sholáthar faoi athrú sochaíoch agus eacnamaíoch. Tá eagraíocht ardfheidhmíochta atá nuálach agus solúbtha á forbairt againn ag an am céanna. Is le tacaíocht leanúnach ó fhoireann thiomanta, ghairmiúil agus inoiriúnaithe na hOifige amháin a bheimid in ann na hathruithe sin a bhaint amach.

Pádraig Daltún

Pádraig Daltún
Ard-Stiúrthóir
Meán Fomhair 2017

Cuspóir arna Aithint sa Ráiteas Straitéise 2015-2017	DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2016
1. Clár oibre staitistiúil bliantúil a éilítear faoi reachtaíocht an AE a chomhlíonadh	
Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Clár bliantúil a fhoilsiú don saothar staidrimh	<p>Sa bhliain 2016, sholáthraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh 327 gcinn d'eisiúintí agus d'fhoilseacháin chun freastal ar riachtanais an mhórphobail náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar riachtanais an phobail i gcoitinne.</p> <p>Foilsíodh Clár Oibre Staidrimh na hOifige i Ráithe 1 2016, rud ina soláthraítear sonraí faoi gach aschur staidrimh ón Oifig. Tiomsaíodh Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an gClár Oibre i rith 2016 agus foilsíodh í i Ráithe 1 2017, in éineacht leis an gClár Oibre Staidrimh don bhliain 2017. Reáchtáil an Oifig an t-eagrán is déanaí den Daonáireamh an 24 Aibreán 2016 freisin.</p> <p>Cuireadh deich n-eisiúint nua ar fáil sa bhliain 2016, inar pléadh le topaicí amhail Sócmhainní agus Dlíteanais na hEarnála Airgeadais 2014, Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh Neamhchónaithe, agus Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí.</p>
2. Cinntiú go bhfuil córas staidrimh proifisiúnta neamhspleách ardcháilíochta ag Éirinn a thugann faisnéis chomh maith agus is féidir dár gcustaiméirí, ar shlí a sheasann mionscrúdú idirnáisiúnta agus a chomhlíonann na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.	
Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Aidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta a leagan síos go ceann na dtrí bliana atá romhainn i Ráiteas Straitéise nua	<p>De bhun ceapadh rialtais nua, ceanglaíodh ar an Oifig faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, Ráiteas Straitéise nua a ullmhú don tréimhse 2016-2019. Foilsíodh Ráiteas Straitéise nua na hOifige don tréimhse 2016-2019 i mí na Nollag 2016 agus leagtar síos ann aidhmeanna straitéiseacha na hOifige don chéad trí bliana eile.</p> <p>Tá an straitéis sin ar chomhréim go hiomlán leis an straitéis CSO 2020 ón Oifig. Díritear inti ar fheabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do chustaiméirí agus ar an Oifig a chumasú freastal ar éilimh mhéadaithe ar shonraí agus ar riachtanais staidrimh oifigiúil amach anseo.</p>
Rialachas corparáideach laistigh den Oifig a chothabháil	<p>Foilsíodh Caighdeán Rialachais Corparáidigh na hOifige i mí Aibreáin 2016 agus leagtar amach ann an dóigh a ndéanfaidh an Oifig cinntí, an dóigh a gcuirfidh sí beartais chun feidhme agus an dóigh a gcomhlíonfaidh sí a sainordú agus a feidhmeanna. Nuashonraíodh an Caighdeán le linn 2016.</p> <p>Nuashonraíodh téarmaí tagartha an Bhoird Bhainistíochta in 2016</p>

	<p>Lean na boird rialachais ar aghaidh le maoirseacht ar gach tionscadal nuachóirithe agus corparáideach a chinntiú le linn 2016.</p> <p>Eisíodh beartais athbhreithnithe maidir leo seo a leanas: Staidreamh Oifigiúil agus Cosaint Sonraí; Bainistíocht Sonraí; Sonraí Staidrimh agus Meáin Stórála a Choinneáil agus a Dhiúscairt go Slán; Nochtadh Cosanta sa Láthair Oibre; Rochtain Réamheisiúna; agus Soláthar sa Phríomh-Oifig Staidrimh.</p> <p>Rinne an Oifig an tuarascáil ar Shannadh Freagrachtaí a nuashonrú de réir mar a ceanglaíodh uirthi faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, de bhun baill foirne shinsearacha a cheapadh. Foilsíodh an struchtúr eagrúcháin athbhreithnithe ar an suíomh Gréasáin www.whodoeswhat.gov.ie arna chruthú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ar shuíomh Gréasáin na hOifige féin ag www.cso.ie/en/baile.</p>
<p>Múnla Rialachais Chorporáidigh a fhorbairt d'fhonn cuidiú leis na Ceannasaithe Rannóige an bhainistíocht a dhéanamh i ndáil lena gcuid cúraimí corparáide agus eolas a bheith ar fáil don Bhord Bainistíochta faoina éifeachtúlá atá ag éirí le tarmligean freagrachta san Oifig.</p>	<p>Cuireadh an Ráiteas faoi Dhearbhú Rialachais Chorporáidigh ar fáil do gach Ceannasaí Rannóige sa bhliain 2015. Athbhreithníodh é ina dhiaidh sin i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh 2016 mar chuid den phróiseas pleanála gnó.</p> <p>Ceanglaítear ar Cheannasaithe Rannóige measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad ag bainistiú a bhfreagrachtaí corparáideacha, a chur in iúl cé na réimsí sin ina bhfuil feabhas ag teastáil agus forbhreathnú a thabhairt ar a ndéanfar chun an feabhas sin a bhaint amach sa chéad sé mhí eile. Tugtar sa Ráiteas méid áirithe dearbhaithe don Bhord Bainistíochta maidir lena éifeachtaí atá freagracht tharmligthe agus sainaitnítear ann réimsí lena bhfeabhsú laistigh den réimse um rialachas corparáideach. Comhlánaíodh an Ráiteas arís eile i mí na Nollag 2016 mar chuid den phróiseas pleanála gnó don bhliain 2017.</p>
<p>Bainistíocht Sonraí agus Baoil a dheimhniú</p>	<p>Bunaíodh Oifig Sonraí sa Phríomh-Oifig Staidrimh sa bhliain 2016. Tá sí freagrach as an mbeartas i ndáil le comhlíonadh na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus an Achta Staidrimh, 1993. D'eisigh an Oifig na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • beartas um rochtain réamheisiúna • beartas um Bhainistíocht Sonraí • beartas um shonraí staidrimh agus meáin stórála a choinneáil agus a dhiúscairt go slán <p>Eisíodh beartas bainistíochta baoil chuig gach ball foirne san Oifig i Ráithe 2 2016, rud inar leagadh amach conas ba cheart rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú go cuí.</p>

<p>Cinntiú go mbíonn na baill foirne chearta i bhfeidhm againn san áit cheart agus ag an am ceart</p>	<p>Pleanáil Straitéiseach Acmhainní Daonna/Fórsa Saothair</p> <p>D'oibrigh an Oifig le linn na bliana 2016 chun córas um Bainistíocht Straitéiseach Acmhainní Daonna a fhorbairt, rud lena ndírítear ar phleanáil straitéiseach fórsa saothair a chur ar aghaidh, ar bhainistíocht daoine agus feidhmíochta a fhorbairt, ar fhoghlaim agus forbairt a fheabhsú, agus ar rannpháirtíocht agus folláine fostaithe a chothú.</p> <p>Thosaigh an Oifig ar Phlean Fórsa Saothair na Príomh-Oifige Staidrimh don tréimhse 2017-2019 a ullmhú sa bhliain 2016. Tacófar leis an bplean sin leis na cuspóirí pleanála straitéisí agus gnó atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh don tréimhse 2016-2019, maidir lena chinntiú gur ag an Oifig a bheidh an acmhainn agus an inniúlacht a theastaíonn chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh.</p> <p>Earcaíocht</p> <p>Chun a chinntiú gur ag an Oifig a bheadh na baill foirne oilte a theastaíonn chun an clár oibre a chomhlíonadh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Reáchtáil an Oifig comórtas oscailte chun Staitisteoirí Sinsearacha a cheapadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. • Thug an Oifig comórtas oscailte i gcrích chun Príomhoifigigh Chúnta i TF a cheapadh chuig trí shainról TF. • Thug an Oifig comórtas oscailte i gcrích chun Ceann Cumarsáide agus Scaipthe (ar ghrád an Phríomhoifigigh) a cheapadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Earcaíodh Príomhoifigeach Faisnéise agus Ard-Stiúrthóir Cúnta chun Comhordú Córais Staidrimh a riar freisin. • Reáchtáil an Oifig a comórtas earcaíochta féin chun Staitisteoirí a cheapadh sa bhliain 2016.. <p>An Clár Céimithe</p> <p>Thug an Oifig clár céimithe isteach in 2016, áit ar fostaíodh céimithe chun obair ar thionscadail ar leith thar thréimhse 6-11 mhí. I measc na dtionscadal a bhfuil siad ag obair orthu, tá daonáireamh clárbhunaithe, nascadh a thaifeadadh san Ionad Sonraí Riaracháin, Mórshonraí Eurostat, agus infheistíocht dhíreach choigríche.</p>
<p>3. Tógáil ar an tuiscint atá aici ar ghá an chustaiméara agus an úsáideora le sonraí, agus caidrimh a fhorbairt d'fhonn éilimh a bheidh againn amach anseo agus bealaí seachadta a aithint le chéile. Go sonrach, ní mór dúinn na príomhriachtanais custaiméara a thabhairt san áireamh.</p>	
<p>Gníomh</p>	<p>Dul chun cinn sa bhliain 2016</p>
<p>Caithfidh an rialtas agus lucht déanta beartais a bheith ar an eolas faoi fheidhmíocht na hÉireann. Tá sonraí uathu chun beartais a chumadh d'fhonn dálaí eacnamaíochta agus sóisialta a fheabhsú agus tá fianaise uathu chun torthaí beartais a mheas.</p>	<p>An clár oibre staidrimh</p> <p>Chuir an Oifig an clár oibre staidrimh bliantúil i gcrích ar aon dul le spriocthréimhsí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus de réir ardchaighdeán modheolaíoch sa bhliain 2016. D'ullmhaigh an Oifig 294 eisiúint agus 33 fhoilseachán sa bhliain 2016. Chuir sí 10 n-eisiúint nua le chéile freisin.</p>

Tá faisnéis oibiachtúil neamhspleách neamhchlaonta ó shaoránaigh na hÉireann chun cabhrú leo cinní pearsanta agus cinní gnó níos fearr a dhéanamh.

Tá sonraí tráthúla, comhchuibhithe d'ardchaighdeán ó Eurostat agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile chun go mbeidh ar a gcumas sonraí inchomparáide ar bhonn idirnáisiúnta a tháirgeadh.

An Daonáireamh

Chuir an Oifig an Daonáireamh i gcrích an 24 Aibreán 2016 chomh maith. Ar leibhéal náisiúnta, baineann ríthábhacht le staidreamh daonra atá cothrom le dáta maidir le planáil a dhéanamh do sholáthar cúram sláinte, an t-oideachas agus an fhostaíocht, i measc nithe eile. Chomh maith leis sin, tá figiúirí réigiúnacha ag teastáil chun beartas réigiúnach a chinneadh agus chun na húdaráis réigiúnacha a oibriú. Agus sonraí á soláthar ar leibhéal áitiúil, cabhraítear le sainaitheint a dhéanamh ar an éileamh ar dóigh dó bheith ann ar scoileanna agus ar shaoráidí cúram sláinte agus le sainaitheint a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil dífhostaíocht réasúnta ard, ar na láithreacha is fearr le haghaidh gnólachtaí, etc.

Eisíodh na chéad torthaí ar Dhaonáireamh 2016 i mí Iúil 2016. Léiríodh iontu gurbh ionann agus 4,757,976 dhuine réamhiomlán an daonra Oíche an Daonáirimh, Dé Domhnaigh an 24 Aibreán 2016. Eiseofar tuilleadh sonraí i gcéimeanna éagsúla le linn na bliana 2017 de réir mar a bhíonn siad ar fáil.

Cuntais Náisiúnta

Freastalaíonn an Oifig ar riachtanais an Rialtais le faisnéis staidrimh d'ardchaighdeán, faisnéis atá ríthábhachtach maidir le beartais agus clár a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus maidir le monatóireacht a dhéanamh orthu, ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Ar mhaithe leis na riachtanais sin a chomhlíonadh, lean an Oifig ar aghaidh lena dhéine atá an anailís staidrimh a choinneáil ar bun agus a fhorbairt tuilleadh in 2016. Thionóil an Oifig Grúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch i mí Mheán Fómhair 2016. Tháinig an beart sin sna sála ar fhoilsiú na bhfigiúirí cuntais náisiúnta inar taifeadadh rátaí fáis arna n-athbhreithniú go suntasach go 26.3% agus go 18.7% d'olltáirgeacht intíre agus d'olltáirgeacht náisiúnta faoi seach don bhliain 2015. Bhí sé de dhualgas ar an nGrúpa sainaitheint a dhéanamh ar shraith anailísí nó táscairí lena dtabharfaí tuiscint níos fearr ar na gnéithe intíre dár ngeilleagar ard-domhandaithe. Ba de bhun na tuarascála ón nGrúpa a d'fhorbair an Oifig táscaire leibhéil nua ar a dtugtar Ollioncam Leasaithe Náisiúnta, nó GNI* mar giorrúchán. Is é atá i gceist leis an táscaire sin aghaidh a thabhairt ar chineál sonrath gheilleagar na hÉireann. Tá sé curtha in oiriúint chun freastal ar na riachtanais anailíseacha agus bheartais ar leith atá againn. Is ionann GNI* agus Ollioncam Náisiúnta arna choigeartú chun aird a thabhairt ar thuilleamh coinnithe gnólachtaí ath-shainchónaithe agus ar dhímheas ar shócmhainní caipitil intíre atá faoi úinéireacht eachtrach.

Taighdeoirí

Freastalaíonn an Oifig ar na riachtanais atá ag an bpobal náisiúnta agus idirnáisiúnta (na meáin, taighdeoirí, mic léinn, gnólachtaí, eagraíochtaí ionadaíocha, an tAontas Eorpach, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus an pobal i gcoitinne) le faisnéis neamhchlaonta ábhartha faoi dhálaí sóisialta agus eacnamaíocha. Leantar ar aghaidh le haird ar leith a thabhairt ar na sainriachtanais atá ag an lucht gnó agus ag an lucht taighde/léinn le sonraí níos mine agus níos spriocdhírthe.

<p>Is gá gurb eol dár soláthraithe sonraí nach lorgáimid ach faisnéis atá riachtanach, go mbímid ag leanúint leis an ualach atá orthu a íoslaghdú agus go gcaithimid go hiomlán faoi rún lena gcuid sonraí.</p>	<p>Faisnéis do sholáthraithe sonraí</p> <p>D'fhoilsigh an Oifig “Faisnéis do Sholáthraithe Sonraí” ar a suíomh Gréasáin i mí Mheán Fómhair 2016. Tugtar faisnéis faoi na nithe seo a leanas san inneachar sin: an ról atá ag staidreamh oifigiúil; sainordú dlíthiúil na hOifige; an dóigh a gcloíonn an Oifig leis na prionsabail um chosaint sonraí; agus na coimircí atá i bhfeidhm chun sonraí arna mbailiú ag an Oifig a chosaint.</p> <p>Eisíodh na chéad torthaí ar Dhaonáireamh 2016 i mí Iúil 2016. Léiríodh iontu gurbh ionann agus 4,757,976 dhuine réamhiomlán an daonra Oíche an Daonáirimh, Dé Domhnaigh an 24 Aibreán 2016. Eiseofar tuilleadh sonraí i gcéimeanna éagsúla le linn na bliana 2017 de réir mar a bhíonn siad ar fáil.</p> <p>Rúndacht</p> <p>Chuir an Oifig Sonraí clár oiliúna faoin Rúndacht Staidrimh agus faoin gCóras Rangaithe Sonraí ar fáil do 267 mball foirne den Phríomh-Oifig Staidrimh. Cuireadh oiliúint i mBeartas Bainistíochta Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh ar fáil do 119 mbainisteoir sinsearach. Chomh maith leis sin, cuireadh na coinníollacha comhaontaithe maidir le rochtain sheachtrach ar Chomhaid Mhicreashonraí Taighde ar fáil do 172 thaighdeoir.</p> <p>An tUalach a Laghdú</p> <p>Ba i Ráithe 3 de 2016 a foilsíodh an Baraiméadar Ualaigh Freagartha don bhliain 2015. Luadh ann gurb amhlaidh, i gcomparáid leis an mbuaicbhliain 2008, go bhfuil laghdú 37.1% tagtha ar an ualach riaracháin a chuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fhiontair agus ar ghabháil talmhaíochta in Éirinn. Áirítear iad seo a leanas leis na bearta atá á ndéanamh chun an t-ualach a laghdú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Úsáid mhéadaithe a bhaint as sonraí riaracháin (go háirithe sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim), rud a laghdaíonn an gá atá le faisnéis a bhailiú ó fhiontair; • Méideanna sampla a laghdú nuair is féidir; • Laghdú a dhéanamh ar an leibhéal sonraí a bhailítear ar cheistneoirí ar fud roinnt suirbhéanna; • Gearrfoirmeacha bliantúla a thabhairt isteach d'fhiontair bheaga, agus na foirmeacha is mionsonraithe á seoladh chuig mórfhiontair amháin; • Ceistneoirí a athdhearadh chun go mbíonn siad ag teacht a mhéid is féidir le hiontrálacha i gcuntais Bhrabúis agus Chaillteanais agus i gCláir Chomhardaithe; • Úsáid mhéadaithe a bhaint as ríomhfoirmeacha seachas foirmeacha páipéir.
<p>Seirbhís don Chustaiméir agus Aschur Staidrimh a fheabhsú</p>	<p>Coimisiúnaíodh soláthraí neamhspleách seirbhíse sa bhliain 2016 chun suirbhé neamhspleách ar shásamh úsáideoirí a dhearadh agus a chur i gcrích agus chun anailís a dhéanamh ar na torthaí. Tabharfar torthaí an tsuirbhé sin chun críche i Ráithe 1 den bhliain 2017. Bunaithe ar na moltaí a thioctaidh as an obair sin, comhaontófar gníomhartha chun feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí agus ar aschuir staidrimh.</p>
<p>Moltaí a sholáthar maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí do Chustaiméirí, ar aschuir agus ar phróisis mar chuid de Thionscadal CSO 2020</p>	<p>Críochnaíodh Céim 1 den tionscadal um Chustaiméirí agus Aschur sa bhliain 2015. Rinneadh gníomhartha a tháinig as moltaí an tionscadail a shannadh do réimsí oibriúcháin ansin lena gcur chun feidhme. Cuireadh cúrsa ar dhéileáil leis na meáin ar fáil ar fud na hOifige.</p>

4. Córas staidrimh na hÉireann a fhorbairt de réir na gcumhachtaí reachtaíochta a thugann an tAcht Staidrimh, 1993, an t-athbhreithniú ar Rialachán AE ar staidreamh Eorpach (lena n-áirítear comhordú gníomhaíochtaí staidrimh de chuid Údarás Náisiúnta Eile), agus de réir Straitéis an Bhoird Staidrimh Náisiúnta 2015-2020

Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt	<p>Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh athbhreithniú ar a struchtúr eagrúcháin i bhfianaise fhionnachtana an Phiarmheasúnaithe a rinneadh ar Chód Cleachtas an Chórais Staidrimh Eorpaigh sa bhliain 2015 agus i bhfianaise Straitéis Staidrimh an Bhoird Náisiúnta Staidrimh 2015-2020 agus impleachtaí Rialachán AE 223/2009, ar dlí nua maidir le staidreamh Eorpach é. Mar thoradh air sin, bunaíodh Stiúrthóireacht nua i 2016, a bhfuil freagracht uirthi as luch táirgthe staitisticí Eorpacha a chomhordú agus as Córas Staidrimh na hÉireann i gcoitinne.</p> <p>Críochnaíodh comórtas le haghaidh an phoist mar Ard-Stiúrthóir Cúnta (Rúnaí Cúnta) um Chomhordú Córais Staidrimh an 4 Iúil 2016. Cuireadh tús i lár na bliana 2016 le hacmhainní a chur ar fáil ar bhonn céimnithe don stiúrthóireacht nua.</p> <p>Tá an stiúrthóireacht nua ag treorú fhorbairt Chórais Staidrimh na hÉireann. Is é an aidhm atá leis an gcóras leas a bhaint as sonraí riaracháin i gcomhar le foinsí staidrimh chun cabhrú le nascacht níos fearr a bhaint amach agus le hanailís níos fearr a dhéanamh ar shonraí riaracháin ar fud na seirbhíse poiblí. Chomh maith leis sin, brúfaidh sí forbairt an Bhonneagair Shonraí Náisiúnta chun cinn, rud a chabhróidh le forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar chur chuige comhtháite i leith sonraí riaracháin a bhailiú ar fud na hearnála poiblí.</p> <p>Sa bhliain 2016, leathnaigh an Oifig an clár um staitisteoirí a thabhairt ar iasacht d'eagrais eile rialtais chun cabhrú le seirbhís anailíseach níos comhordaithe a thógáil don Rialtas. Tá an Oifig ag obair leis na Ranna chun sainiúint agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar thionscadail Pathfinder lena soláthrófar luach do bheartas nó do sheirbhísí.</p>

5. Straitéis scaipthe nua a fhorbairt atá dírithe ar fhreastal ar riachtanais réimse leathan ar gcuid úsáideoirí agus sinne ag obair go háirithe chun faisnéis agus eolas a dhéanamh de na sonraí agus na staitisticí. Forbróimid táirgí agus bealaí scaipthe nua agus leagfaimid béim shonrach ar amharcléiriú staitisticí oifigiúla.

Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Straitéis scaipthe nua a fhorbairt	<p>Ceapadh Ceannasaí Cumarsáide agus Scaipthe i rith 2016. Forbraíodh straitéis chuimsitheach cumarsáide chomh maith i 2016. D'fhaomh an Bord Bainistíochta an straitéis go déanach i 2016 agus tá roinnt tionscadal lárnacha a dtabharfar fúthu i 2017 i gceist léi. Áirítear na nithe seo leis na tionscadal lárnacha sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Feidhm preasoifige a chur ar bun • Athbhrandáil na hOifige • Anailís ar na riachtanais custaiméirí agus daoine nach custaiméirí iad • Clár caidrimh leis na meáin • Nuacht dhearfach a ghiniúint agus forbairt a dhéanamh ar uirlisí agus bealaí cumarsáide nua a bhfuil díriú acu ar riachtanais an tsaoránaigh.
	<p>Tá forbairt á déanamh ar straitéis amharcléirithe lena mbaineann trí shnáithe ar leith atá bainteach le (a) Léarscáiliú, (b) Grafaicí faisnéise, agus (c) Nuálaíocht. Tá plé ar bun cheana féin le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann d'fhonn Meabhrán Tuisceana a chomhaontú. Fágfaidh soláthar an tionscadail sin go gcuirfead aschuir staidrimh níos faisnéisí ar fáil agus go mbeidh custaiméirí in ann na sonraí a chur in oiriúint.</p>

<p>Táirgí nua a fhorbairt</p>	<p>Áiríodh na nithe seo leis na táirgí nua a forbraíodh sa bhliain 2016:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuairteoirí ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann 2014; Próifíl Staidrimh ar an Turasóireacht. Comhfhoilseachán le Gníomhaireacht Taighde agus Staidrimh Thuaisceart Éireann (NISRA) • An Saol in Éirinn sa bhliain 1916: Scéalta ó Staitisticí • Modúl ón Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh - Iompraíochtaí Comhshaoil Teaghlaigh - Ráithe 2, 2014 • Modúl ón Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh - Soláthar Pinsin - Ráithe 4, 2015 • Modúl ón Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh - An Choiriúlacht agus an Íospairt - Ráithe 3, 2015 • An Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh - Sraith Mhionsonraithe Fostaíochta, Ráithe 1, 2010 - Ráithe 1, 2016 • An Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh - Líonta Tí agus Teaghlaigh, Ráithe 2, 2010 - Ráithe 2, 2016 • Sócmhainní agus Dlíteanais na hEanála Airgeadais 2014 - Tuarascáil Bhliantúil • Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh Neamhchónaithe - Tuarascáil Ráithiúil • Ioncam agus Caiteachas an Rialtais, 2015 - Tuarascáil Bhliantúil • Athbhreithniú ar Cháilíocht Staitisticí Coiriúlachta, 2016 (an 2ú hAthbhreithniú, foilsíodh an 1ú Tuarascáil i mí an Mheithimh 2015) • Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí <p>An tInnéacs um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe</p> <p>Sheol an Oifig Innéacs nua um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe d'Éirinn sa bhliain 2016. Clúdaítear ann gach idirbheart margaidh sa mhargadh réadmhaoine cónaithe agus tomhaistear athruithe praghais ann ar bhealach níos cruinne.</p> <p>Is é atá san Innéacs nua um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe ná feabhas modheolaíochta suntasach ar an Innéacs bunaidh um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe. Is amhlaidh sin mar go n-áirítear leis réadmhaoine a ceannaíodh le hairgead tirim, foinsí sonraí d'ardchaighdeán agus saintréithe geografacha níos mine d'áiteanna cónaithe. Áirítear dhá fho-innéacs déag nua leis freisin. De bhreis air sin, áirítear leis raon táscairí breise nua lena dtomhaistear méid, luach agus meánphraghas na réadmhaoine cónaithe in Éirinn. Déantar miondealú ar na táscairí sin de réir na saintréithe de chuid an cheannaitheora, an díoltóra, na háite cónaithe agus an tsuímh gheografaigh.</p>
	<p><u>Plean Athnuachana don Státseirbhís</u></p> <p>Maidir le torthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse, ar suirbhé nua a ndéanann an Oifig é, foilsíodh iad i mí Eanáir 2016 agus tá úsáid á baint astu ag an mBord um Bhainistiú na Státseirbhíse chun bonn eolais a chur faoi fheabhsúithe sa Státseirbhís agus faoi sholáthar an Phlean Athchóirithe.</p>

Faisnéis agus eolas a dhéanamh de na staitisticí agus na sonraí

Tá ar an Oifig freastal ar na riachtanais atá ag raon leathan grúpaí úsáideoirí. Déanann sí amhlaidh ar bhealaí éagsúla. Tá forbairt á déanamh aici ar tháirgí agus bealaí scaipthe nua a fhorbairt, agus béim shonrach á leagan ar amharcléiriú staitisticí oifigiúla.

Is é atá in oideachas a chur ar dhaoine óga agus i gcur chun cinn a dhéanamh ar bhealaí is féidir staitisticí a úsáid sa tsochaí ná bonn agus taca ag Clár For-rochtana Oideachais na hOifige. Áirítear leis sin Bonn John Hooper, comórtas Apps4Gaps agus Gradam na Príomh-Oifige Staidrimh ag Taispeántas an Eolaí Óig, rudaí a bhronntar as an úsáid is fearr as sonraí oscailte, mar aon le tionscnaimh CensusAtSchool.

Bonn John Hooper

Is é aidhm chomórtas John Hooper ná feabhas a chur ar an gcumas atá ag na daltaí cur síos, fiosrú agus imscrúdú a dhéanamh ar a dtimpeallacht ach staitisticí a úsáid. Is féidir le foirne atá comhdhéanta de bheirt nó triúr daltaí atá 18 mbliana déag d'aois ar a mhéad páirt a ghlacadh sa chomórtas náisiúnta. Tá sé ainmnithe in ómós do John Hooper BA* (1878 - 1930). Seoladh an comórtas den chéad uair sé bliana ó shin chun an chéad Lá Staidrimh Domhanda sa bhliain 2010 a cheiliúradh.

Oideachas

Chríochnaigh naoi mac léinn is tríocha an Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil do Mheasúnú Beartais, cúrsa arna reáchtáil ag an bhForas Riaracháin, i 2016. Forbraíodh an cúrsa d'fhonn feabhas a chur ar an tuiscint atá ann ar shonraí staidrimh don mheasúnú beartais agus don chinnteoireacht agus ar an úsáid a bhaintear astu. Bhí ceithre mhac léinn is daichead cláraithe don bhliain acadúil 2016-2017.

An Daonáireamh ar Scoil (CensusAtSchool)

Rinne 4,199 ndalta meánscoile (1.1%) ó líon measta iomlán 380,000 dalta meánscoile ceistneoir Chéim 15 de shuirbhé CensusAtSchool a chomhlánú idir mí Mheán Fómhair 2015 agus mí Lúnasa 2016. Pléadh topaicí éagsúla sa cheistneoir. Áiríodh leo sin topaicí a bhaineann leis an mbliain 1916, leibhéal úsáid na Gaeilge agus an modh iompair scoile a úsáidtear. Tá an Oifig ag glacadh páirt sa tionscadal chun dea-úsáid staitisticí, matamaitice agus láimhseáil sonraí a chur chun cinn.

Seimineáir

Reáchtáladh roinnt seimineár de chuid na hOifige sa bhliain 2016, lena n-áirítear:

- An 5^ú Seimineár ar Shonraí Riaracháin
- An 1^ú Cheardlann ar Anailísíocht Sonraí
- An Seimineár ar Staitisticí Tithíochta
- An Seimineár ar Chuntais Sláinte na hÉireann

Ghlac idir rannpháirtithe inmheánacha agus rannpháirtithe seachtracha páirt sna seimineáir sin. I measc nithe eile, breithníodh iontu an úsáid a bhaintear as sonraí riaracháin agus forbairt an Innéacs um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe.

Tabhairt ar Iasacht

Cuireadh tús sa bhliain 2015 le hathbhreithniú ar na socruithe reatha le haghaidh staitisteoirí a thabhairt ar iasacht do chomhlachtaí poiblí eile. Mar thoradh ar an athbhreithniú, leathnaigh an Oifig an clár um staitisteoirí a thabhairt ar iasacht do ranna eile rialtais. Chomh maith leis sin, tá sí ag obair leis na ranna chun sainathint agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar thionscadail Pathfinder lena soláthrófar luach do bheartas nó do sheirbhísí.

Preasagallaimh

Rinne an Oifig óstáil ar phreasagallaimh leis na meáin sa bhliain 2016 chun na topaicí a leanas a phlé; Cuntais Náisiúnta, Daonáireamh 2016, an tInnéacs um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe agus an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh. Cabhraíonn na preasagallaimh sin le heolas a thabhairt do na meáin agus, dá bhrí sin, don phobal. Méadaíonn siad an fheasacht ar staitisticí agus an úsáid a bhaintear astu.

An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoisigh

D'fhreastail an Oifig ar chruinnithe de chuid an Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoisigh, i mí Dheireadh Fómhair 2016 chun plé a dhéanamh ar na nithe seo:

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun creat comhchoiteann a bhunú do staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ag leibhéal an duine aonair a bailíodh ó shamplaí,
- togra go n-achtófaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017, agus
- an mhodheolaíocht a úsáideann an Oifig chun an t-aschur geilleagrach náisiúnta a ríomh.

Cur i láthair ag Scoil Samhraidh MacGill

Labhair Ard-Stiúrthóir na hOifige ag scoil samhraidh MacGill, 2016. Labhair sé faoi na hathruithe atá ar bun in Éirinn agus faoina luachmhaire atá staitisticí le haghaidh na hathruithe sin a shainathint. Labhair sé freisin faoin díospóireacht a rinneadh tar éis a fhoilsiú gur baineadh méadú 26.3% ar an olltáirgeacht intíre amach sa bhliain 2015, rud nach bhfacthas a leithéid riamh. Luaigh sé go bhfuil sé riachtanach go gcomhlánófaí na táscairí sin atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta le sraith níos leithne táscairí a fhéadann an léargas a theastaíonn a chur ar fáil.

An Seimineár ar Staitisticí Tithíochta

Rinne an Oifig óstáil ar sheimineár maidir le Staitisticí Tithíochta tar éis foilsiú a dhéanamh ar an Innéacs nua um Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe agus ar an Réamhthuarascáil ar Dhaonáireamh 2016 i mí Dheireadh Fómhair 2016. Ba é aidhm an tseimineáir forbheathnú a thabhairt d'úsáideoirí ar shonraí nua maidir leis an tithíocht, deis a thabhairt dóibh tuiscint a ghnóthú ar an gcur chuige modheolaíochta a ghlactar i leith staitisticí tithíochta a tháirgeadh agus ar úsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as staitisticí nua tithíochta agus deis a thabhairt dóibh aiseolas a thabhairt don Oifig faoi bhearnaí sonraí reatha agus riachtanais sonraí sa todhchaí..

6. Sonraí comhiomlána a fhoilsiú i bhformáid Sonraí Oscailte (formáid shaor inléite ag inneall) a bhfuil ar a cumas staitisticí a chur ar fáil go forleathan agus a spreagfaidh úsáideoirí chun athúsáid a bhaint as staitisticí poiblí.

Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Sonraí a fhoilsiú i bhformáid Sonraí Oscailte agus uirlisí scaipthe a fhorbairt	<p>Sonraí Oscailte</p> <p>Tá an Oifig ag leanúint le Sonraí Oscailte (formáid shaor inléite ag inneall) a úsáid le haghaidh na sonraí go léir ar shuíomh Gréasáin na hOifige agus ar shuíomh Gréasáin StatBank a scaipeadh, rud a thugann spreagadh do dhaoine staitisticí foilsithe a úsáid agus a athúsáid. Foilsíonn an Oifig 100% de sonraí comhiomlána i bhformáid Sonraí Oscailte faoi cheadúnas sonraí oscailte ar chaighdeán trí réalta.</p> <p>Le linn 2016, mhéadaigh an Oifig an úsáid a bhaineann sí as grafaicí faisnéise agus Ardchairteanna idirghníomhacha nuair atáimid ag eisiúint sonraí. Rinneadh amhlaidh chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ár sonraí. Is féidir samplaí de na grafaicí faisnéise a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na hOifige. Baineann siad le Bliainiris Staidrimh na hÉireann (eagrán 2016), leis an Innéacs um Pragsanna Réadmhaoine Cónaithe (Iúil 2016) agus le Réamhthorthaí an Daonáirimh. Chomh maith leis sin, tá tús curtha ag an Oifig le físeáin a úsáid ar an suíomh Gréasáin cso.ie. Áirítear leo sin físeán faisnéise ar an Innéacs um Pragsanna Réadmhaoine Cónaithe.</p> <p>Comórtas Apps4Gaps</p> <p>Ba é seo an tríú bliain a reáchtáladh Comórtas náisiúnta Apps4Gaps. Is é aidhm an chomórtais spreagadh a thabhairt d'fhoirne aipeanna nuálacha a fhorbairt, agus leas á bhaint acu as na sonraí oscailte atá ar fáil ar data.gov.ie, chun léargas nua a chruthú agus chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfadh aip dul chun tairbhe don tsochaí i réimsí amhail an t-iompar, an tithíocht, an phleanáil, an t-oidreachas, an chumarsáid, agus an tsláinte.</p>

7. Creatchóras um bhainistíocht cáilíochta a fhorbairt a chuimseoidh córas méadrachta do cháilíocht sonraí, caighdeáin mheiteashonraí agus doiciméadú láidir chun muinín an phobail i staitisticí oifigiúla a threisiú.

Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Creatchóras um Bhainistíocht Cáilíochta (QMF) a fhorbairt	<p>Bunaíodh an Rannóg um Bhainistíocht, Thacaíocht agus Dhearbhú Cáilíochta ag tús na bliana 2016. Tá freagracht uirthi as na moltaí tionscadail forbartha i gCreatchóras um Bhainistíocht Cáilíochta CSO 2020 a chur chun feidhme. Clár fairsing fadtéarmach gníomhaíochtaí atá i gcreatchóras um bhainistíocht cáilíochta a fhorbairt. Leis an gclár, cinnteofar go mbeidh an táirgeadh staitisticí ag teacht leis na caighdeáin cháilíochta agus éifeachtúlachta is airde maidir le hiniúchadh níos grinne agus níos foirmiúla a dhéanamh ar staitisticí oifigiúla ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.</p> <p>Ba le cleachtadh beartú tosaíochta ar thug an Oifig faoi a cinneadh plan oibre na Rannóige Cáilíochta, Bainistíochta, Tacaíochta agus Dearbhaithe don bhliain 2016. Díriodh an plan oibre ar na tionscadail seo a leanas a chur chun feidhme:</p>

Doiciméid chaighdeánacha suirbhé a fhorbairt

Rinneadh cur i gcrích i roinnt rannóg ar lámhleabhair shamplacha rannóige ar theimpléad do Shamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó. Tá na lámhleabhair sin ar an teimpléad le haghaidh doiciméid chaighdeánaithe suirbhé a chur i bhfeidhm i ngach rannóg sa bhliain 2017. Cuirfear na doiciméid shamplacha suirbhé ar fáil do na baill foirne go léir ar an gCóras Faisnéise Cáilíochta. Tá dul chun cinn réasúnta á dhéanamh ar an obair Mapála agus Méadrachta Próisis agus mapáil déanta ar 74% de réimsí gnó faoin ama seo.

Meiteashonraí caighdeánacha a fhorbairt

Rinneadh caighdeán coiteann a fhorbairt agus a chomhaontú i rith 2016 le haghaidh meiteashonraí scaipthe. Athdhearadh an leathanach 'Modhanna' ar shuíomh Gréasáin na hOifige chun an caighdeán nua sin a chur san áireamh. Tá inneachar á ullmhú faoi láthair le haghaidh an leagain amach nua. Seolfar an leathanach nua 'Modhanna' i mí Eanáir 2017. Tabharfar inneachar atá caighdeánaithe ar fud na rannóg uile ar an leathanach. Tá obair á déanamh fós ar mheiteashonraí caighdeánaithe tagartha inmheánaí a fhorbairt ach Catalóg Sonraí a thabhairt isteach chun tacú leis an tsamhail struchtúir Chomhaid.

Córas faisnéise cáilíochta a fhorbairt

Rinneadh suíomh gréasáin inlín nua a fhorbairt agus a thógáil le go mbeadh na mapaí próisis, na doiciméid suirbhé agus an t-inneachar eile atá bainteach le cáilíocht ar fáil don fhoireann ar fad san aon áit amháin. Tríd an rochtain ar na doiciméid agus ar an inneachar sin a mhéadú, beidh baill foirne in ann a gcuid próiseas a chur i gcomparáid leis na próisis atá i bhfeidhm ag rannóga cosúla eile le go mbeidh siad in ann an dea-chleachtas ar fud na hOifige a shainaithint le haghaidh gnéithe áirithe dá bpróisis agus bearta feabhais a thabhairt isteach nuair is gá. Seolfar an suíomh gréasáin sin i mí Eanáir 2017.

Bainistíocht sonraí a fheabhsú agus a chaighdeánú

Foilsíodh beartas nua um Bhainistíocht Sonraí Oifige i mí an Mheithimh 2016. Tá an beartas bunaithe ar an gcreat cosanta sonraí agus leagtar amach ann conas ba cheart sonraí a bhainistiú agus a rialú san Oifig. Rinneadh bogearraí Bainistíocht Sonraí a cheannach agus a chur i bhfeidhm ar fud na hOifige chun tacú leis an mbeartas sin. De bharr na hoibre sin, beidh Ceannasaithe Rannóige in ann rialú níos fearr a dhéanamh ar a sealúchais sonraí agus a roghnú cé atá ceadaithe na sonraí sin a rochtain. Forbraíodh samhail nua struchtúir chomhaid chun cabhrú le comhaid agus sonraí a bhainistiú san Oifig. D'fhorhmeas an Bord Bainistíochta í i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá an tsamhail á cur chun feidhme ar bhonn trialach in dhá Rannóg faoi láthair. Tá obair ar bun le gach Rannóg ar rangú a sealúchas sonraí, ar a rialú rochtana agus ar chinneadh tréimhsí coinneála sonraí.

An Creatchóras um Bhainistíocht Cáilíochta a thriail

Tháinig dhá thriail phiólótacha a rinneadh ar thionscadail faoi réir an Chreatchórais um Bhainistíocht Cáilíochta chun críche i 2016. Bhain an chéad tionscadal le Staitisticí Coiriúlachta agus bhain an dara tionscadal le Staitisticí Airgeadais Rialtais. Ba é an toradh a bhí ar na trialacha piólótacha ná gur tugadh eolas faoi conas a cuireadh na tionscadail seo chun feidhme, gur leagadh béim ar na réimsí a raibh beartais nua Oifige ag teastáil iontu agus gur cabhraíodh le tionscnaimh cháilíochta sa todhchaí a phleanáil agus lena raon feidhme a mheas.

	<p>Oiliúint</p> <p>Cuireadh roinnt seisiúin oiliúna agus faisnéise a bhaineann le cáilíocht ar siúl i 2016. Clúdaíodh iontu caighdeáin mhapála próisis, soláthar an Chreachórais um Bhainistíocht Cáilíochta, Cód Cleachtais an Chórais Staidrimh Eorpaigh, Samhail Chineálach Staidrimh um Phróisis Ghnó de chuid Choimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) agus Beartais Bhainistíochta Sonraí.</p>
<p>8. Clár Nuachóirithe a chur i ngníomh</p>	
<p>Gníomh</p>	<p>Dul chun cinn sa bhliain 2016</p>
<p>Úsáid níos forleithne d'fhoinní tánaisteacha sonraí lena n-áirítear sonraí riaracháin agus mórshonraí, d'fhonn éilimh úsáideoirí a shásamh ar chuma éifeachtúil éifeachtach agus an t-ualach ar fhreagróirí a íoslaghdú</p>	<p>An tlonad Sonraí Riaracháin</p> <p>Tá Rannóg an Ionaid Sonraí Riaracháin freagrach as sonraí riaracháin (idir shonraí pearsanta agus shonraí fiontar) a fhorbairt, a bhainistiú agus a phróiseáil chun freastal ar éilimh ar staitisticí, chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise agus chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú. Go dtí seo, tá an tlonad Sonraí Riaracháin ag díriú ar fhoinní sonraí atá bunaithe ar an duine agus bunaithe ar ghnó a bhailiú agus a dhoiciméadú chun críocha staidrimh. Le linn 2016, thosaigh an tlonad Sonraí Riaracháin ag díriú ar thacair sonraí atá bunaithe ar réadmhaoín. Ar na foinsí sonraí riaracháin atá bunaithe ar réadmhaoín ar aithníodh go bhfuil tábhacht mhór staidrimh acu tá foinsí a bhaineann leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (LPT), leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB), le Líonraí Gáis Éireann, le Líonraí BSL agus le hUisce Éireann. Leanfaidh an tlonad Sonraí Riaracháin le tionscadail úra nuálacha a threorú agus a chur ar aghaidh i dtaca le 'hanailís ar thorthaí' go dtí go mbunófar rannóg nua chun díriú ar na gníomhaíochtaí sin.</p> <p>Meabhrán Tuisceana</p> <p>Baineann cuid de ról an Ionaid Sonraí Riaracháin le spreagadh a thabhairt don Oifig agus do ranna eile Rialtais comhaontuithe a chruthú eatarthu chun comhar sonraí a fheabhsú. Is é is Meabhrán Tuisceana ann ná comhaontú foirmiúil idir an Oifig agus Roinn nó comhlacht eile Rialtais lena bhfeabhsaítear an comhar sonraí idir an dá pháirtí sa chomhaontú. Baintear leas as chun cloí le ceanglais staidrimh na reachtaíochta Eorpaí, chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthais a laghdú agus chun freastal ar na riachtanais náisiúnta le haghaidh staitisticí. I mí Iúil 2016, comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.</p> <p>Leis an Meabhrán, feabhsaítear an comhar sonraí idir an Oifig agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go foirmiúil. Chomh maith leis sin, cabhrófar le freastal ar na riachtanais náisiúnta le haghaidh staitisticí ar thopaic a bhaineann leis an gcomhshaoil. Is é an toradh atá air go mbunaítear Grúpa Idirchaidrimh mar mheicníocht foirmiúil arleibhéil le haghaidh comhairliúcháin agus cumarsáide idir an dá Oifig.</p> <p>Tá trí cinn déag de Mheabhráin Tuisceana i bhfeidhm. Tá an liosta iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag http://www.cso.ie/en/aboutus/descriptionsandfunctions/memorandumsofunderstanding/.</p>

	<p>Mórshonraí</p> <p>Gné eile de ról an Ionaid Sonraí Riaracháin is ea taighde a dhéanamh ar an úsáid a bhítear ag baint as Mórshonraí. Lean an Oifig ar aghaidh le páirt lárnach a ghlacadh ann sa bhliain 2016 trína rannpháirtíocht sa Ghrúpa Ardleibhéil um Nuachóiriú Táirgthe agus Seirbhísí Staidrimh de chuid Choimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE). Tríd an obair a dhéanann sí ar an ngrúpa sin, leanann an Oifig ar aghaidh ag cur go mór leis an taighde agus an comhar idirnáisiúnta ar úsáid staidrimh na mórshonraí.</p> <p>Ag obair di i gcomhpháirt le hIonad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil, chuir an Oifig an t-ardán ar fáil le haghaidh bosca gainimh (nó spás taighde) don tionscadal Mórshonraí a bhfuil an Grúpa Ardleibhéil ag déanamh urraíocht dó. Tá Institiúidí Staidrimh Náisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fud an domhain á úsáid le haghaidh taighde. Íocann úsáideoirí ar fud an domhain síntiús as. I measc na n-úsáideoirí sin tá eagraíochtaí idirnáisiúnta, Eurostat, Rannóg Staidrimh na Náisiún Aontaithe (UNSD), ENECE agus Coimisiún Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe don Áise agus don Aigéan Ciúin (UNESCAP).</p>
Ailtireacht fiontair a leabú mar dhisciplín i dTFC	<p>Baineadh aird ón tionscadal ailtireacht fiontair i rith 2016 de bharr tosaíochtaí soláthar acmhainní agus toisc gur leagadh díriú níos mó ar dheimhniú ISO 27001 a bhaint amach.</p> <p>I mí Iúil, chuir an Oifig féinmheasúnú i gcrích mar chuid de phróiseas Dearbhaithe Slándála an Chórais Staidrimh Eorpaigh. Is é aidhm an phróisis a chinntiú go mbíonn an caighdeán is airde slándála TFC i bhfeidhm ag gach Institiúid Staidrimh Náisiúnta agus dearbhú frithpháirteach a chur ar fáil i dtaca le malartú sonraí laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach. Shocraigh an Oifig aidhm go mbainfeadh sí caighdeán slándála deimhnithe chreidiúnú ISO 27001 amach faoin mbliain 2018. Cuireadh sraith táscairí le chéile chun tomhas a dhéanamh ar an bpointe tosaithe agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an gcaighdeán a bhaint amach.</p> <p>Thug Pascal Jacques, oifigeach slándála Eurostat, cuairt ar an Oifig i dtús mhí na Nollag 2016. Bhí sé mar chuspóir aige lena linn plé a dhéanamh ar na nithe seo: an próiseas dearbhaithe slándála; an clár ama foriomlán le haghaidh phróiseas Dearbhaithe Slándála an Chórais Staidrimh Eorpaigh; na dúshlán phraiticiúla atá le sárú chun creidiúnú ISO a bhaint amach; agus na beartais atá i bhfeidhm cheana féin san Oifig.</p> <p>Is ar chaighdeán ISO 27001 a bhaint amach laistigh den tréimhse shocraithe a dhireoidh na réimsí TF, le haird bainte ón tionscadal ailtireacht fiontair leabaithe.</p>
Múnlaí bailithe sonraí níos éifeachtaí a thabhairt isteach (m.sh. agallaimh teileafóin ríomhchuidithe, bailiú sonraí gréasán-bhunaithe)	<p>Suirbhéanna ar theaghlaigh</p> <p>Sa bhliain 2016, thug an Oifig Suirbhé nua ar an bhFórsa Saothair isteach. Déantar é an tráth céanna a dhéantar an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh atá ann cheana. Tá sonraí á mbailliú le haghaidh an tSuirbhé nua ar an bhFórsa Saothair ach úsáid a bhaint as agallaimh aghaidh ar aghaidh agus, den chéad uair riamh, as agallaimh teileafóin. Rinne an Oifig an líon teaghlach a chuirtear faoi agallamh ar an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair a mhéadú de réir a chéile le linn 2016, agus leas á bhaint as lárionad glaonna chun déanamh amhlaidh.</p>

A luaithe is atá an lárionad glaonna i mbun feidhme go hiomlán, is ar an bhfón a dhéanfar thart ar 80% de na hagallaimh ar an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh agus ar an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair. Leanfaidh baill foirne allamuigh den Oifig ar aghaidh leis an gcuid eile a dhéanamh. Is é sprioc fhadtéarmach an tionscadail ná tuilleadh solúbthachta agus acmhainn bhreise a thabhairt don Oifig i réimse na suirbhéanna teaghlaigh chun freastal ar riachtanais éiritheacha úsáideoirí le haghaidh faisnéis mhéadaithe i réimse an staidrimh shóisialta.

Ríomhghabháil Sonraí an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí agus an Fiosrúchán ar an gCárta Paisinéara Turasóireachta

D'aistrigh an Oifig an Praghasinnéacs Tomhaltóirí chuig ríomhchóras nua bailithe sonraí sa bhliain 2016 agus tá ag éirí leis go dtí seo. Leanadh leis an obair ar an gcóras sin a oiriúnú dá úsáid le haghaidh an Fhiosrúcháin ar an gCárta Paisinéara Turasóireachta.

Ríomhbhailiú Sonraí

Sa bhliain 2016, scrúdaigh an Oifig an fhéidearthacht a bhaineann le gabháil sonraí a nuachóiriú. Sannadh acmhainní ó mhí Iúil 2016 agus bhí sé beartaithe Céim 1 den tionscadal a chur i gcrích faoi dheireadh Ráithe 4 2016. Bhí trí chomhpháirt ann den scrúdú, ba iad sin, bailiú sonraí ar líne trí thairseach ghnó, Daonáireamh 2021 agus cláir. Bunaíodh an tionscadal sin le go ndéanfaí measúnú ar na tairbhí féideartha agus ar a indéanta a bheadh sé ardán comhroinnte ríomhbhailithe sonraí a chur chun feidhme sula n-iarrfaí ceadú le haghaidh aon infheistíochta suntasaí sna réimsí sin. Ba é an príomhchuspóir ná a shainaithint cén dóigh a bhféadfaí infheistíochtaí ábhartha a dhéanamh lena soláthrófaí tairbhí ar fud na hOifige ar fad a bheadh níos fearr ná na tairbhí a sholáthrófaí le cur chuige níos neamh-chomhtháite. Thug an fhoireann tionscadail tuairisc ag deireadh Ráithe 4 2016 ar a cuid fionnachtana. Tá a cuid moltaí á mbreithniú ag an mBord Bainistíochta.

Leas a bhaint as córais faisnéise geografaí (Éirchóid san áireamh)

An Daonáireamh

Chuir an Oifig Éirchóid ar áireamh i roinnt gnéithe de thionscadal Dhaonáireamh 2016, lenar áiríodh foirm an Daonáirimh, áit ar éillomar ar áiritheoirí an tÉirChóid a thras-scríobh ar na foirmeacha a seachadadh chuig gach teach sa tír. Rinneadh é sin chun seiceáil cáilíochta a chur ar fáil ar sheoltaí le linn phróiseáil an Daonáirimh. Chomh maith leis sin, chuir an Oifig deis ar fáil do shealbhóirí tí Éirchóid a ngnátháite cónaithe agus a n-áite oibre, a scoile nó a gcoláiste a chur in iúl chun an cruinneas geografach a fheabhsú. Mar a bhí amhlaidh i nDaonáireamh 2011, b'amhlaidh gur leithdháileadh geochód aonair ar gach teach cónaithe a bhí ar áireamh i nDaonáireamh 2016. Is é an toradh a bheidh air sin go dtabharfar an-solúbthacht gheografach in aschur Dhaonáireamh 2016, ar aon dul le hionchais úsáideoirí.

An tlonad Sonraí Riaracháin

Faigheann an tlonad Sonraí Riaracháin Éirchóid ar roinnt sreafaí sonraí riaracháin a gcuireann comhlachtaí poiblí Éireannacha iad ar fáil. Leis an bhfáil ar Éirchóid ar thuaisceáin ríomhStampála a gcuireann na Coimisinéirí Ioncaim iad ar fáil, cuireadh ar chumas na hOifige na meánphraghsanna réadmhaoine cónaithe a fhoilsiú ag leibhéal na heochrach ródaithe. Mar an gcéanna, bhí an Oifig in ann na hÉirchóid atá le fáil ar shonraí a gcuireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann iad ar fáil a úsáid le haghaidh staitisticí Rátála Fuinnimh Foirgneamh a fhoilsiú ag leibhéal na heochrach ródaithe.

	<p>Tá an tIonad Sonraí Riaracháin dírithe anois ar chlár réadmhaoine cónaithe a fhorbairt. Bainfear úsáid sa chlár as Éirchóid mar eochairthréim maidir le foinsí ilchineálacha sonraí atá bunaithe ar réadmhaoine a nascadh. Chabhróidh clár den sórt sin le haschuir staidrimh bhreise a sholáthar a bheadh mionsonraithe ó thaobh na geografaíochta de.</p> <p>Bhain rannóg samplála an Aonaid um Bhaillíú an tSuirbhé Teaghlaigh úsáid as córais faisnéise geografai le haghaidh roghnú agus bainistiú a dhéanamh ar an sampla nua den Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh a dáileadh ar na hAgallóirí Allamuigh i lár na bliana 2016. Baineann foireann samplála an Aonaid um Baillíú an tSuirbhé Teaghlaigh úsáid as bogearraí ArcGIS de chuid ESRI (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) chun mapaí a thógáil lena ndáileadh ar Agallóirí Allamuigh.</p> <p>Leithdháileadh an Sampla nua den Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, agus Éirchóid ar áireamh ann. Tá an tÉirchód á chur i láthair anois mar chuid den phróiseas bailíochtaíthe seolta tí laistigh den Suirbhé ar an bhFórsa Saothair.</p>
<p>Athbhreithniú ar phróiseas gnó a leabú tríd an mhodheolaíocht Lean Six Sigma a úsáid mar chultúr seachas mar chlár oibre</p>	<p>Mar chultúr athruithe atá ag baint úsáid as uirlisí Lean Six Sigma maidir le mapáil próisis, táthar ag leanúint san Oifig le méadracht próisis a chothú agus a fhorbairt. Táthar ag déanamh amhlaidh mar chuid den tionscadal Mapála Próisis atá á fhorbairt faoin gCreatchóras um Bhainistíocht Cáilíochta. Ba é a bhí i gceist leis sin ná gur mhapáil baill foirne a bpróisis “mar atá”. Tugadh tuilleadh soiléire don fhoireann ar an dóigh a n-oibríonn na próisis sin agus ar cé atá freagrach as na céimeanna aonair de na próisis. Cuireann an ghné méadrachta den chleachtadh mapála ar chumas na foirne measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht gach próisis agus aon fheabhsuithe próisis a theastaíonn a shainaitheint agus dul i mbun gnímh ina leith.</p>
<p>Múnlaí phróiseas nuachóirithe staidrimh a leabú agus ionstraimí um fhorbairt foirne a chur i ngníomh go céimneach (Forbairt Leanúnach Ghairmiúil agus Phearsanta is clár scileanna san áireamh</p>	<p>Samhail Chineálach Staidrimh um Phróisis Ghnó Mapáil Próisis agus Méadracht</p> <p>Amhail deireadh na bliana 2016, bhí mapáil próisis déanta ar 80% de phróisis ghnó ach an tSamhail Chineálach Staidrimh um Phróisis Ghnó a úsáid mar chreat tagartha (tá an tionscadal le cur i gcrích i mí Aibreáin 2017). Is le heochairmhéadracht agus eochairtháscairí próisis a thacaítear leis na mapaí arna dtáirgeadh. Is amhlaidh sin le go mbeifear in ann feidhmíocht an phróisis staidrimh a thomhas agus a mheasúnú. Beidh na mapaí agus an mhéadracht ghaolmhar ar fáil agus inrochtana tríd an gCóras Faisnéise Cáilíochta.</p> <p>Foghlaim agus Forbairt</p> <p>D'oibrigh an Oifig i gcomhar leis an nGrúpa Comhpháirtíochta Gnó um Foghlaim agus Forbairt sa bhliain 2016. Bunaíodh an grúpa sin chun comhairle a chur ar fáil faoi thabhairt isteach Ghníomh 9 de Phlean Athnuachana don Státseirbhís chun forbairt a dhéanamh ar chreat oiliúna scileanna boga ag a bhfuil an réiteach oiriúnach TF d'fhorbairt agus foghlaim agus d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta leanúnach ar fud na Státseirbhíse. Leis an ngníomh sin, déileáiltear le forbairt na scileanna ginearálta is coiteann do gach roinn agus comhlacht rialtais.</p>

	<p>Chuir an Oifig tús sa bhliain 2016 le tionscadal a bhfuil mar aidhm leis na scileanna sonracha a theastaíonn ó bhaill foirne san Oifig a shainaithint. Tá na scileanna sin ag teacht leis an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó agus áirítear leo scileanna staidrimh agus scileanna anailíseacha sonraí. Ag deireadh na bliana 2016, agus mar thoradh ar an obair forbartha sin, iarradh ar an Oifig cathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpa tionscadail a bhfuil mar chúram air córas den chineál céanna a fhorbairt le samhail aibíochta atá bunaithe ar an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó do Ghrúpa Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe um Staidreamh a Nuachóiriú.</p> <p>Lean an Oifig ar aghaidh leis an gClár Forbartha Gairmiúla agus Pearsanta Leanúnaí a bhainistiú do Phríomhoifigigh Chúnta/Staitisteoirí agus d'fhostaithe ar ardghráid ar fud na bliana 2016. Chomh maith leis sin, nuashonraigh sí an clár scileanna lena dtaifeadtar leibhéal scileanna fhoireann na hOifige. Tá úsáid á baint as an gclár nuashonraithe scileanna chun eolas a dhéanamh do shoghluaisteacht foirne laistigh den Oifig.</p>
<p>Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta a comhaontaíodh tar éis an Athbhreithnithe Piaráí sa bhliain 2015</p>	<p>Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Feabhais na hOifige faoin Athbhreithniú Piaráí ar Chód Cleachtais an Chórais Staidrimh Eorpaigh i mí Lúnasa 2015. Rinneadh 26 mholadh i dtuarascáil an Athbhreithnithe Piaráí chun comhlíonadh a fheabhsú. Mar fhreagairt dó sin, mionsonraíodh 49 ngníomh i bplean feabhais na hOifige. Léiríodh na nithe seo a leanas in athbhreithniú a rinneadh i lár na bliana 2016 ar na 49 ngníomh i bPleananna Feabhais na hOifige ar an Athbhreithniú Piaráí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh 6 cinn i gcrích go hiomlán; • Tá 17 gcinn ar siúl; • Meastar 7 gcinn a bheith de chineál leanúnach; • Tá 5 cinn le tosú sa todhchaí, cé go bhfuil pleanáil á déanamh ina leith; agus • Tá 14 cinn ar an méar fhada de bharr dúshláin ó thaobh soláthar acmhainní de. <p>Seoladh leathanach baile rannpháirtíochta idirnáisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2016 chun tacú le foireann na hOifige agus iad ag glacadh páirt i gcruinnithe/gcúrsaí oiliúna idirnáisiúnta agus chun rannchuidiú a dhéanamh le rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos fearr ach an bonn eolais chorparáidigh a thógáil.</p>
<p>Clár rannpháirtíochta agus nuálaíochta foirne a chur i ngnímh</p>	<p>Cuireadh tús sa bhliain 2016 le tionscadal a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht agus nuálaíocht foirne a fheabhsú. Rinneadh na nithe seo a leanas mar chuid den tionscadal:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Forbraíodh meicníocht nua le haghaidh sreabhadh dhá bhealach plé agus smaointe ón bhfoireann ar fad a éascú, chun rannchuidiú a dhéanamh le tuilleadh nuálaíochta agus chun meon méadaithe rannpháirtíochta i measc na foirne a mhúscailt ar fud na hOifige. • Athbhunaíodh Fóram Bainistíochta Ginearálta. Is fóram Príomhoifigeach Cúnta agus Staitisteoirí é. Chomh maith leis sin, bunaíodh roinnt líonraí tacaíochta san Oifig, lena n-áirítear Líonra Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Líonra Oifigeach Feidhmiúcháin. • Ceapadh Oifigeach Rannpháirtíochta Foirne. • Bunaíodh Bord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta ag deireadh na bliana 2016 chun an próiseas a threorú agus faireachán a dhéanamh air.

- Bailíodh an t-aiseolas ó sheisiúin na gCeannasaithe Rannóige leis an bhfoireann inar pléadh torthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe don Státseirbhís don Oifig. Nuashonraíodh an Dréachtphlean Gníomhaíochta chun an méid sin a léiriú.
- Reáchtáil na Ceannasaithe Rannóige seisiúin lena bhfoireann chun a n-ionchur a fháil do Ráiteas Straitéise na heagraíochta agus chun tionscadail a shainaithe le haghaidh an Chláir Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta Foirme

9. Daonáireamh a dhéanamh in 2016 agus gach tuairisc a tháirgeadh agus a fhoilsiú sa tráthchlár comhaontaithe

Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Daonáireamh na bliana 2016 a reáchtáil	<p>Is é an daonáireamh an oibríocht staidrimh is mó a dtugann an Oifig fúithi. Is é an oibríocht is éilithí é freisin ós rud é nach mór an obair allamuigh a chur i gcrích laistigh de thréimhse measartha gairid agus nach mór cuntas críochnúil a fháil Oíche an Daonáirimh ar gach duine sa tír. Cuireadh Oíche an Daonáirimh ar siúl an 24 Aibreán 2016.</p> <p>Ba é fórsa allamuigh sealadach a bhí comhdhéanta de 6 Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh, 44 Mhaoirseoir Réigiúnacha, 430 Maoirseoir Allamuigh agus 4,663 Áiritheoir pháirtaimseartha a rinne áireamh an Daonáirimh. Sna ceithre seachtaine roimh Oíche an Daonáirimh, thug na háiritheoirí cuairt ar thart ar 2 milliún teach cónaithe príobháideach agus sheachaid siad ceistneoirí Daonáirimh chuig 1.7 milliún ceann de na tithe cónaithe sin agus chuig 4,140 gnó pobail atá in ann cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine (amhail óstáin, tithe altranais, etc.) agus ar measadh go mbeadh siad áitithe Oíche an Daonáireamh. Bhí thart ar 250,000 teach cónaithe folamh tráth an Daonáirimh. Sna cásanna eile, áiríodh an teaghlach in áit eile nó bhí sé as láthair ón Stát ar bhonn sealadach. Bailíodh na ceistneoirí comhlánaithe ón Luan an 25 Aibreán go dtí an Domhnach an 22 Bealtaine 2016.</p> <p>Leanadh leis na tuairisceáin Daonáirimh a phróiseáil ó Oíche an Daonáirimh i leith. Bhíothas ag próiseáil 15,000 foirm gach lá. Eisíodh réamhthorthaí Dhaonáireamh 2016 i mí Iúil 2016. Léiríodh iontu gurb ionann agus 4,757,976 dhuine réamhiomlán an daonra a áiríodh Oíche an Daonáirimh. Chomh maith leis sin, d'eisigh an Oifig na chéad torthaí ar thithíocht agus áiteanna cónaithe folmha.</p> <p>Leanadh leis na tuairisceáin Daonáirimh a phróiseáil ar fud na bliana 2016. Eiseofar tuilleadh torthaí de réir a chéile de réir mar a bheidh siad réidh sa bhliain 2017. Is é Seo í Éire, Cuid 1 - Príomhthorthaí Déimeagrafacha an chéad cheann a eiseofar. Tá sé le foilsiú i mí Aibreáin 2017.</p>

10. 10. Úsáid ár gcuid sonraí a chur chun cinn trí rochtain éifeachtach ar mhicreashonraí a thabhairt do thaighdeoirí faoi réir forálacha dlí agus rúndachta (lena n-áirítear córas slán cianrochtana)

Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Córas cianrochtana a fhorbairt do thaighdeoirí	Tógadh an bonneagar a theastaíonn chun tacú le cianrochtain ar mhicreashonraí do thaighdeoirí. Cuireadh tús le tástáil an bhonneagair sa bhliain 2016. Faoi réir tástáil shásúil, tá sé beartaithe tabhairt faoin gcéad tionscadal ar an mbonneagar sin go luath sa bhliain 2017. Tá tabhairt chun críche á déanamh ar thairseach bhainistíochta nua chun faisnéis a bhainistiú agus a bhailiú i dtaca leis na tionscadail éagsúla taighde a bhfuil an Oifig ag tacú leo. Tá an tairseach le cur i bhfeidhm ar fud na hOifige go luath sa bhliain 2017.

11. Rannpháirt a ghlacadh go cuiditheach ag an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú go mbeidh a lán tionchair ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le nuachóiriú agus forbairt an Staidrimh Oifigiúil a mhúnlú ar an leibhéal domhanda.


Gníomh	Dul chun cinn sa bhliain 2016
Caidreamh gníomhach leis an bPobal Staidrimh Idirnáisiúnta	<p>Is i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a thiomasaítear formhór mór na staitisticí oifigiúla. Ina theannta sin, bítear ag méadú ar an úsáid a bhaintear as staitisticí chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí i réimsí tábhachtacha beartais. Rinne an Oifig cur i gcrích sa bhliain 2015 ar thionscadal a raibh mar aidhm leis an leas is mó a bhaint as cumas na hOifige chun dul i bhfeidhm ar fhorbairtí amach anseo i riachtanais agus rialachas staidrimh ag leibhéal an Aontais Eorpaigh agus a chinntiú go dtéann rannpháirtíocht idirnáisiúnta chun tairbhe d'fhorbairt staidrimh san Oifig. Cuireadh tús sa bhliain 2015 le cur chun feidhme na dtograí tionscadail. Leanadh leis sa bhliain 2016.</p> <p>Cruinnithe Idirnáisiúnta - Caighdeán agus Iompraíochtaí</p> <p>Seoladh taisclann lárnach laistigh den eagraíocht sa bhliain 2016. Cuimsítear ann doiciméid chruinnithe, ábhar faisnéise, faisnéis chúlra ábhartha agus tuarascálacha toscaire. Is é an aidhm atá leis rannchuidiú le rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos fearr ach an bonn eolais chorparáidigh a thógáil.</p> <p>Is é an toradh a bheidh ar naisc chuig doiciméid chruinnithe a thabhairt chuig láthair inrochtana amháin ná go n-éascófar tuilleadh trédhearcachta agus comhroinnt faisnéise, rud a mhéadóidh an tairbhe a bheidh an Oifig in ann a bhaint as a rannpháirtíocht idirnáisiúnta.</p>

Aguisín 1 - Bearta chun Ídiú Fuinnimh a laghdú

Cuspóirí	Bearta Aschuir	2016
Tá páirt á glacadh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i bhfeachtas um fheasacht ar fhuinneamh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí ón mbliain 2008. Pléimid freisin le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann trí thuarascáil bhliantúil ar ár bhfeidhmiú fuinnimh (I.R. 542 de 2009). Táimid tiomanta do chuspóir an Rialtais cúrsaí fuinnimh san earnáil phoiblí a fheabhsú.	Feidhmiú fuinnimh a laghdú sna foirgnimh i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.	Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2016 ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí gur spáráil an Phríomh-Oifig Staidrimh 27.4% in ídiú fuinnimh ón mbonnlíne.

Aguisín 2 - Cairt Eagraíochta

Grúpa Bainistíochta Sinsearach



Aguisín 3 – Monatóir Tráthúlachta

Tá an Monatóir Tráthúlachta is déanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh ag <http://www.cso.ie/en/aboutus/dissemination/timelinessmonitor2017/>

Monatóir Tráthúlachta 2017

Tuarascálacha Staidrimh Ghinearálta agus Théamacha	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Sprioc na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse na gCaighdeán Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe faoi cheann			
Foilseachán						
<i>De réir mí a bhFoilsithe</i> <i>Tréimhseacháin</i>						
Bliainiris Staidrimh Éire	Bliantúil	2016	Deireadh Fómhair 2016	Deireadh Fómhair	n/r	n/r
Éire Thuaidh agus Theas	Ócáideach	2011	Meitheamh 2014	n/r	n/r	n/r
Baraiméadar an Ualaigh Freagartha	Bliantúil	2015	Meán Fómhair 2016	52 Seachtain	n/r	n/r
<i>Tuarascálacha Téamacha</i>						
Daonáireamh 2011 - Daoine gan Dídean in Éirinn	Ócáideach	2011	6ú Meán Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) – Tuarascáil Théamach ar Leanaí	Ócáideach	2004 -2010	6ú Meán Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) - Tuarascáil Théamach ar Lucht Scothaosta	Ócáideach	2004,2009, 2010 (leasaithe) agus 2011	Lúnasa 2013	n/r	n/r	n/r
Suirbhé um an Bhuiséad Teaghlaigh	Cúigbhliantúil	2009/10	Márta 2012	n/r	n/r	n/r
Suirbhé um an Bhuiséad Teaghlaigh – Imleabhar 2	Cúigbhliantúil	2009/10	Deireadh Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Dul chun cinn na hÉireann a thomhas	Bliantúil	2015	15ú March 2017	56 Seachtain	n/r	n/r
Mná agus Fir in Éirinn	Bliantúil	2013	Iúil 2014	Feabhra	n/r	n/r
Gnó in Éirinn	Bliantúil	2012	Nollaig 2014	96 Seachtain	n/r	
Leanaí agus Daoine Óga in Éirinn	Ócáideach	2008	Meitheamh 2008	n/r	n/r	n/r
Cáilíocht Beatha Réigiúnach	Ócáideach	2013	Bealtaine 2013	Aibreán	n/r	n/r
Suirbhéireacht ar Iompar Náisiúnta	Bliantúil	2016	24ú Márta 2017	n/r	n/r	n/r
Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann	Cúigbhliantúil	2015	Samhain 2016	n/r	n/r	Rialachán (AE) 1165/2008
Áireamh Talmhaíochta	Deichbhliantúil	2010	Nollaig 2012	130 Seachtain	130 Seachtain	Rialachán (AE) 1165/2008
Ionchur Saothar Talmhaíochta	Ócáideach	2010	Deireadh Fómhair 2012	n/r	n/r	Rialachán (AE) 1165/2008
Tuilleamh Stairiúil	Ócáideach	1938 – 2015	Bealtaine 2017	n/r	n/r	n/r
Infheistíocht Dhíreach Eachtrach	Ócáideach	2012 - 2015	Bealtaine 2017	n/r	n/r	n/r

Staitisticí Eacnamaíocha						
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Sprioc na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse na gCaighdeán Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe faoi cheann			
<i>Staitisticí Eacnamaíocha</i>						
Comhordú na nÍocaíochtaí Idirnáisiúnta	Ráithiúil	R4 2016	68 Lá	85 Lá	90 Lá	Riachtanais Eurostat, ECB
Staid Ráithiúil Infheistíochta Idirnáisiúnta agus Fiacha Seachtracha	Ráithiúil	R4 2016	75 Lá	85 Lá	90 Lá	Riachtanas IMF
Gabháiltais Áitritheoirí i bPunann Urrús Iasachta	Bliantúil	2015	62 Seachtain	30 Seachtain	39 Seachtain	Riachtanas IMF
Infheistíocht Dhíreach Eachtrach	Bliantúil	2015	45 Seachtain	39 Seachtain	44 Seachtain	Riachtanas Eurostat
Trádáil Idirnáisiúnta Seirbhísí	Bliantúil	2015	47 Seachtain	34 Seachtain	39 Seachtain	Riachtanas Eurostat
Staidreamh Airgeadais Rialtais – Céad-Mheastacháin	Bliantúil	2016	14 Seachtain	16 Seachtain	13 Seachtain	
Staidreamh Airgeadais Rialtais – Torthaí Deiridh	Bliantúil	2015	41 Seachtain	42 Seachtain		
Staidreamh Airgeadais Rialtais	Ráithiúil	R4 2016	101 Lá	113 Lá		
Scórchlár Maicreacnamaíoch	Bliantúil	2015	47 Seachtain	48 Seachtain	n/r	n/r
Sócmhainní agus Dlíteanais na hEarnála Airgeadais	Bliantúil	2015	75 Seachtain	52 Seachtain	n/r	n/r
Cuntais na gCóras Sláinte	Bliantúil	2014	78 Seachtain	78 Seachtain	78 Seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008
<i>Cuntais Náisiúnta Bliantúla</i>						
Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta: Achoimre ar Thorthaí	Bliantúil	2015	28 Seachtain	26 Seachtain	n/r	n/r
Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta: Cuntais Iomlána	Bliantúil	2013	49 Seachtain	35 Seachtain	39 Seachtain	Éilíonn clár tarchur ESA sonraí bliantúla áirithe tar éis 9 mí
Ioncam agus Caiteachas Rialtais 2015	Bliantúil	2015	28 Seachtain	28 Seachtain		
Cuntais Náisiúnta Ráithiúla	Ráithiúil	R4 2016	68 Lá	70 Lá	70 Lá	Éilítear tarchur sonraí laistigh de 70 lá de bhun Rialachán ón AE
Oil-Bhreisluch d'Fhiontair Ilnáisiúnta in Úinéireacht Iasachta agus d'Earnálacha eile	Bliantúil	2015	40 Seachtain	42 Seachtain		
<i>Cuntais na hEarnála Institiúidí</i>						
Cuntais Airgeadais	Bliantúil	2015	44 Seachtain	43 Seachtain	39 Seachtain	
Cuntais Neamh-Airgeadais	Ráithiúil	R4 2016	102 Lá	105 Lá	105 Lá	

Ioncam Contae agus OTI Réigiúnach	Bliantúil	2014	116 Seachtain	108 Seachtain	108 Seachtain	Éilítear tarchur sonraí laistigh de 104 seachtain de bhun Rialachán ón AE
Táblaí Soláthar & Úsáide	Bliantúil	2013	152 Seachtain	161 Seachtain	156 Seachtain	Éilítear tarchur sonraí laistigh de 156 seachtain de bhun Rialachán ón AE
Meastacháin ar Stoc Caipitiúil Bunsócmhainní	Bliantúil	2015	42 Seachtain	52 Seachtain	104 Seachtain	Éilítear tarchur sonraí laistigh de 104 seachtain de bhun Rialachán ón AE
Gníomhaíocht Aschur & Breis Luacha	Bliantúil	2011	151 Seachtain	91 Seachtain	91 Seachtain	Éilítear tarchur sonraí laistigh de 104 seachtain de bhun Rialachán ón AE
<i>Trádáil Eachtrach</i>						
Onnmhairí agus Allmhairí Earraí	Míósúil	Fea 2016	49 Lá	45 Lá	70 Lá	Eurostat
<i>Staitisticí Comhshaoil</i>						
Cuntais Sruth Ábhartha	Bliantúil	2014	102 Seachtain	78 Seachtain	104 Seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 691/2011
Cuntais Comhshaoil Astaithe Aeir	Bliantúil	2014	98 Seachtain	78 Seachtain	91 Seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 691/2011
Cánacha Comhshaoil	Bliantúil	2015	27 Seachtain	30 Seachtain	91 Seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 691/2011
Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh Tí	Ráithiúil	R1 2017	21 Lá	30 Lá	n/r	n/r
Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh Thráchtála nó Eile	Ráithiúil	R1 2017	21 Lá	30 Lá	n/r	n/r
Táscairí Comhshaoil Éireann	Débhliantúil	2016	47 Seachtain	13 Seachtain	n/r	n/r
Táscairí Forbairt Inmharthana	Débhliantúil	2015	9 Seachtain	13 Seachtain	n/r	n/r
Ídiú Cónaithe Méadraithe Uisce Phoiblí	Bliantúil	2015	69 Seachtain			

Staitisticí Sóisialta agus Déimeagrafacha						
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Sprioc na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse na gCaighdeán Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe faoi cheann			
<i>Margadh Saothair</i>						
Beochlár	Míosúil	Aib 2016	7 Lá	7 Lá	10 Lá	Eurostat
Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS)	Ráithiúil	R4 2016	51 Lá	56 Lá	84 Lá	Eurostat
EU-SILC	Bliantúil	2015	57 Seachtain	48 Seachtain	48 Seachtain	Eurostat
Aighnis Tionsclaíocha	Ráithiúil	R4 2016	62 Lá	56 Lá	90 Lá	Eurostat
Náisiúnaigh Iasachta: Dáiltí UPSP, Gníomhaíocht Fhostaíochta agus Leasa Shóisialaí	Bliantúil	2015	50 Seachtain	60 Seachtain		
Ráta Dífhostaíochta Míosúil	Míosúil	Aib 2017	5 Lá	5 Lá	n/r	Eurostat
<i>Oideachas</i>						
QNHS – Gaiscí Oideachais	Ócáideach	2011	24 Seachtain	22 Seachtain ó dheireadh R2	n/r	n/r
<i>Staitisticí Beatha</i>						
Ainmneacha Linbh na hÉireann	Bliantúil	2015	22 Seachtain	26 Seachtain	n/r	n/r
Eisiúint Staitisticí Beatha	Ráithiúil	R3 2016	21 Seachtain	26 Seachtain	26 Seachtain	Eurostat
Staitisticí Beatha - Achoimre Bhliantúil	Bliantúil	2015	22 Seachtain	26 Seachtain		
Tuarascáil Bhliantúil ar Staitisticí Beatha	Bliantúil	2014	95 Seachtain	104 Seachtain	104 Seachtain	Eurostat
Póstaí & Comhpháirtíochtaí Sibhialta	Bliantúil	2016	103 Lá	91 Lá	n/r	
<i>Tuilleamh & Costais Saothair</i>						
Réamhthorthaí	Ráithiúil	R4 2016	58 Lá	56 Lá	75 Lá	Eurostat
Sonraí Bliantúla Tuilleamh & Costais Oibre	Bliantúil	2015	26 Seachtain	30 Seachtain	n/r	Eurostat
<i>Coiriúlacht agus Ceartas Coiriúil</i>						
Aitimeachas Príosúin	Bliantúil	2010	306 Seachtain	315 Seachtain	n/r	n/r
Aitimeachas Promhaidh	Bliantúil	2010	306 Seachtain	315 Seachtain	n/r	n/r
Coiriúlacht Taifeadta	Ráithiúil	R4 2016	88 Lá	90 Lá	n/r	Eurostat
Staitisticí Coiriúlacht Taifeadta an Gharda Síochána	Bliantúil	2013	101 Seachtain	70 Seachtain	104 Seachtain	Eurostat

Staitisticí Gnó						
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Sprioc na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse na gCaighdeán Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe faoi cheann			
<i>Gearrthéarmach</i>						
Tairgeadh agus Láimhdeachas	Míosúil	Már 2017	35 Lá	35 Lá	41 Lá	Féilire eisiúna Eurostat
Innéacs Miondólacháin	Míosúil	Már 2017	28 Lá	28 Lá	38 Lá	Féilire eisiúna Eurostat
Innéacs Míosúil Seirbhísí	Míosúil	Már 2017	34 Lá	35 Lá	n/r	n/r
Stoc Tionsclaíoch	Ráithiúil	R4 2016	73 Lá	70 Lá	n/r	n/r
Sócmhainní Caipitiúla san Earnáil Tionsclaíochta	Ráithiúil	R4 2017	73 Lá	70 Lá	n/r	n/r
Innéacs Tairgeadh Foirgníochta	Ráithiúil	R4 2016	67 Lá	75 Lá	60 Lá	Féilire eisiúna Eurostat
Ceadanna Pleanála	Ráithiúil	R2 2016	74 Lá	80 Lá	90 Lá	Sprioc um scaipeadh caighdeánach Eurostat
<i>Praghsanna</i>						
Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI)	Míosúil	Már 2017	30 Lá	37 Lá	30 Lá	Innéacsanna Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (HICP) foilsithe go míosúil ag Eurostat
Innéacs um Phraghsanna Réadmhaoine Cónaithe	Míosúil	Fea 2017	50 Lá	50 Lá	Q+85	Reachtaíocht AE i ngar
Praghasinnéacs Tairgeoirí Seirbhísí	Ráithiúil	R4 2016	68 Lá	84 Lá	112 Lá	Reachtaíocht STS
Innéacs um Phraghsanna Mórdhíola (WPI)	Míosúil	Már 2017	21 Lá	22 Lá	35 Lá	Reachtaíocht STS
Praghasleibhéil Comparáideacha um Bhia, Dheochanna & Thobac	Tríbhliantúil	2015	25 Seachtain	n/r	n/r	n/r
<i>Staitisticí Struchtúracha Gnó</i>						
Fiosrú Bliantúil Seirbhísí	Bliantúil	2014	96 Seachtain	91 Seachtain	91 Seachtain	Eurostat
Caiteachas Gnó ar Thaighde agus ar Fhorbairt	Débhliantúil	2014	76 Seachtain	76 Seachtain	90 Seachtain	Eurostat
Fiosrú ar Fhoirgníocht agus ar Thógáil	Bliantúil	2014	98 Seachtain	91 Seachtain	91 Seachtain	Eurostat
Gnó in Éirinn	Bliantúil	2014	102 Seachtain	95 Seachtain	n/r	
Móráireamh ar Tháirgeadh Tionscail	Bliantúil	2014	95 Seachtain	91 Seachtain	91 Seachtain	Eurostat
Móráireamh ar Tháirgeadh Tionscail – Aonaid Áitiúla, Sonraí Réigiúnacha agus Contae	Bliantúil	2012	80 Seachtain	91 Seachtain	91 Seachtain	

Táirgeadh, Dáileadh agus Seirbhísí Tionscail – Sonraí Sealadach	Bliantúil	2013	45 Seachtain	48 Seachtain	48 Seachtain	
Nuálaíocht i measc Fiontar Éireannach (Suirbhé Comhphobail ar Nuálaíocht mar a bhíodh)	Débhliantúil	2012 - 2014	82 Seachtain	82 Seachtain	90 Seachtain	
Staitisticí na Sochaí Faisnéise – Fiontair	Bliantúil	2016	51 Seachtain	50 Seachtain	50 Seachtain	Eurostat
Staitisticí na Sochaí Faisnéise – Teaghlaigh	Bliantúil	2015	38 Seachtain	39 Seachtain	39 Seachtain	Eurostat
Táirgeadh Tionscail na hÉireann de réir Earnála (Prodcómar mar a bhíodh)	Bliantúil	2015	30 Seachtain	28 Seachtain	28 Seachtain	
Athraitheacht an Mhargadh Saothair	Bliantúil	2013	50 Seachtain	60 Seachtain		
Déimeagrafaíocht Gnó (Databank)	Bliantúil	2014	79 Seachtain	78 Seachtain	78 Seachtain	Rialachán SBS
Staitisticí Fiontar don Earnáil Airgeadais	Bliantúil	2012	96 Seachtain	100 Seachtain	78 Seachtain	
Staidreamh Amach i ndáil le Fiontair Chleamhnaithe Choigríche (OFATS)	Bliantúil	2014	81 Seachtain	87 Seachtain	87 Seachtain	
Rochtain Airgeadais	Ócáideach	2014	61 Seachtain		n/r	n/r
<i>Iompar</i>						
Staitisticí Iompair	Bliantúil	2015	50 Seachtain	49 Seachtain	39 Seachtain	Roinn Forbartha Réigiúnaí Thuaisceart Éireann (DRDNI)
Fiosrú ar Fharadh Bóthair	Bliantúil	2015	30 Seachtain	32 Seachtain	43 Seachtain	Oifig Staidrimh Náisiúnta (Ríocht Aontaithe)
Staitisticí um Thrácht Calaidh	Bliantúil	2015	27 Seachtain	26 Seachtain	37 Seachtain	Oifig Staidrimh Náisiúnta (Ríocht Aontaithe)
Ceadúnú Feithiclí	Míosúil	Már 2017	7 Lá	10 Lá	n/r	n/r
Staitisticí Eitlíochta	Bliantúil	2016	15 Seachtain	26 Seachtain	26 Seachtain	
<i>Turasóireacht & Taisteal</i>						
Taisteal thar Sáile	Míosúil	Már 2017	27 Lá	30 Lá	n/r	
Turasóireacht & Taisteal	Ráithiúil	R4 2016	82 Lá	100 Lá	180 Lá	
Suirbhé Taisteal Teaghlaigh	Ráithiúil	R4 2016	97 Lá	120 Lá	180 Lá	Rialachán (AE) Uimh. 692/2011

An Daonáireamh						
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Sprioc na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse na gCaighdeán Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe faoi cheann			
Daonáireamh - Réamhthorthaí 2016	Cúigbhliantúil	2016	14 Iúil 2016	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Seo í Éire Cuid 1, Buaicphointí Daonáireamh 2016	Cúigbhliantúil	2016	6 Aibreán 2017	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Daonra de réir Ceantair	Cúigbhliantúil	2011	26 Aibreán 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh Próifíl 1 - Tithíocht in Éirinn	Cúigbhliantúil	2016	19 Aibreán 2017	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 1 – Baile agus Tuatha	Cúigbhliantúil	2011	26 Aibreán 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 2 – Óg agus Aosta	Cúigbhliantúil	2011	24 Bealtaine 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Seo í Éire Cuid 2	Cúigbhliantúil	2011	28 Meitheamh 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 3 – I mBun Oibre	Cúigbhliantúil	2011	26 Iúil 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 4 – An Díon ós ár gcionn	Cúigbhliantúil	2011	30 Lúnasa 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Daoine gan Dídean in Éirinn, tuarascáil speisialta ó Dhaonáireamh 2011	Cúigbhliantúil	2011	6 Mean Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 5 – Líon Tí agus Teaghlaigh	Cúigbhliantúil	2011	20 Mean Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 6 – Imirce agus Éagsúlacht	Cúigbhliantúil	2011	4 Deireadh Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 7 – Creideamh, Eitneachas agus Lucht Siúil na hÉireann – Cúlra Eitneach agus Cultúrtha in Éirinn	Cúigbhliantúil	2011	18 Deireadh Fómhair 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 8 – Ár dTeastas Sláintíochta – Sláinte, Míchumas & Cúramóirí in Éirinn	Cúigbhliantúil	2011	1 Samhain 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 9 – An Méid atá ar Eolas Againn – Staidéar ar Oideachas, Scileanna agus an Ghaeilge	Cúigbhliantúil	2011	22 Samhain 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Próifíl 10 – Ó Dhoras go Doras – Comaitéireacht in Éirinn	Cúigbhliantúil	2011	13 Nollaig 2012	n/r	n/r	n/r
Daonáireamh – Staidreamh Daonra um Cheantair Bheaga	Cúigbhliantúil	2011	31 Iúil 2012	n/r	n/r	n/r
Meastacháin Daonra agus Inimirce	Bliantúil	2016	16 Seachtain	17 Seachtain	n/r	n/r

Staitisticí Talmhaíochta						
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Sprioc na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse na gCaighdeán Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe faoi cheann			
<i>Talmhaíocht</i>						
Suirbhé ar Struchtúr Feirme		2013	Nollaig 2015			
<i>Suirbhé Barra agus Beostoic an Mheithimh</i>						
Sonraí Sealadacha	Bliantúil	2016	10 Seachtain	15 Seachtain	15 Seachtain	Rialachán (AE) 1165/2008 & 543/2009
Sonraí Deiridh	Bliantúil	2016	40 Seachtain	48 Seachtain	15 Seachtain	Rialachán (AE) 1165/2008 & 543/2009
Áireamh Talmhaíochta	Deichbhliantúil	2010	89 Seachtain	130 Seachtain	130 Seachtain	Rialachán (AE) 1166/2008
Fairsinge, Toradh agus Táirgeadh Barra	Bliantúil	2016	12 Seachtain	22 Seachtain	39 Seachtain	Rialachán (AE) 543/2009
Suirbhé Beostoic mí na Nollag	Bliantúil	2016	8 Seachtain	7 Seachtain	7 Seachtain	Rialachán (AE) 1165/2008
Suirbhé Muca an Mheithimh	Bliantúil	2016	10 Seachtain	11 Seachtain	11 Seachtain	Rialachán (AE) 1165/2008
Staitisticí Bainne	Míosúil	Már 2017	28 Lá	31 Lá	60 Lá	Treoir AE 96/16/CE
Maruithe	Míosúil	Már 2017	27 Lá	28 Lá	60 Lá	Rialachán (AE) 1165/2008
Cuntais Réigiúnacha Talmhaíochta	Bliantúil	2015	41 Seachtain	43 Seachtain		
<i>Praghsanna</i>						
Praghsanna Talmhaíochta: Réamh-Mheastacháin	Bliantúil	2016	(-) 53 Lá	(-61) Lá	(-61) Lá	
Innéacsanna Praghsanna Talmhaíochta	Míosúil	Fea 2017	43 Lá	48 Lá	49 Lá	
Maruithe	Míosúil	2015	65 Seachtain			Rialachán (AE) 1165/2008
<i>Talmhaíocht - Aschur, Ionchur, Ioncam</i>						
Meastacháin Tosaigh	Bliantúil	2016	(-) 23 Lá	(-) 20 Lá	(-) 15 Lá	Rialachán (AE) 138/2004
Réamh-Mheastacháin	Bliantúil	2016	67 Lá	74 Lá	31 Lá	Rialachán (AE) 138/2004
Meastacháin Deiridh	Bliantúil	2015	26 Seachtain	26 Seachtain	39 Seachtain	Rialachán (AE) 138/2004
<i>Fuilligh Soláthair</i>						
Feoil	Bliantúil	2015	30 Seachtain	52 Seachtain	n/r	
Bainne	Bliantúil	2011	28 Seachtain	26 Seachtain	n/r	

Aguisín 4 - Nochtadh Cleachtais Íocaíochta

Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm chun a dheimhniú go gcomhlíontar an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012).

Íocaíocht Phras le Soláthraithe

Tagann na rialacha agus nósanna imeachta airgeadais agus cuntasafóchta sa Phríomh-Oifig Staidrimh i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha mar aon le ciorclán agus treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Thug an Rialtas ceanglas breise neamhrechtúil isteach i mí an Mheitheamh 2009 chun tréimhsí íocaíochta gach Roinn agus Oifig Rialtais lena a soláthraithe a laghdú ó 30 go 15 lá. Déantar gach iarracht, i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais cuí, chun a chinntiú go ndéantar na soláthraithe a íoc sa tréimhse ama seo.

Ceanglais um Thuairisciú

Mar chuid den cheanglas 15 lá um íocaíocht phras, foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh Tuarascálacha Ráithiúla Íocaíochta Praise ar a suíomh gréasáin.